Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

12624/22
ADD 2

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0361(COD)

CODEC 1334
COMPET 723
MI 676
JAI 1204
TELECOM 374
CT 167
PI 119
AUDIO 90
CONSOM 228
JUSTCIV 115

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

**Ráiteas ón Danmhairg**

Tacaíonn an Danmhairg leis an téacs críochnaitheach d'fhonn bailchríoch a chur ar an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha chun na rialacha cothrománacha lena sainítear freagrachtaí agus oibleagáidí soláthraithe seirbhísí digiteacha a thabhairt cothrom le dáta. Creidimid go bhfuil an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha críochnaitheach ríthábhachtach le go mbeidh an timpeallacht ar líne níos sábháilte, níos intuartha agus níos iontaofa agus thairis sin is díol sásaimh dúinn na príomhleasuithe a rinneadh le linn an chruinnithe thríthaobhaigh amhail mionaoisigh a chosaint agus patrúin dhorcha a chosc.

Mar sin féin, is oth linn go mór nach leagtar síos sa Rialachán tuilleadh freagrachtaí do sholáthraithe margaí ar líne maidir le sábháilteacht táirgí. Dar linne nach bhfuil na freagrachtaí a leagtar amach sa Rialachán ag teacht leis an ról lárnach atá ag margaí ar líne maidir le dáileadh táirgí. Mar shampla, is fadhb é nach féidir an fhreagracht a chur ar aon duine san Aontas Eorpach i gcásanna ina bhfágann margaí ar líne gur féidir le trádálaithe a dtáirgí agus a seirbhísí a dhíol go díreach ó thríú tíortha le tomhaltóirí na hEorpa. Chonaiceamar roinnt cásanna inar thit táirgí contúirteacha neamhdhleathacha i seilbh thomhaltóirí na hEorpa. Cé go gceanglaítear ar mhargaí ar líne measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis a chuireann trádálaithe ar fáil agus seiceálacha randamacha a dhéanamh maidir le táirgí neamhdhleathacha, ar an iomlán, is cur chuige frithghníomhach atá sa téacs críochnaitheach, cur chuige atá díobhálach ní hamháin do chosaint tomhaltóirí, ach d'iomaíochas gnólachtaí Eorpacha freisin. I ndáil leis an méid sin, bhí súil againn go mbeadh Rialachán níos uaillmhianaí ann, mar shampla trína áirithiú go mbeadh páirtí san Aontas cuntasach i gcónaí as táirgí a thagann isteach i margadh na hEorpa.

Ós rud é go measaimid fós go bhfuil gá le cur chuige níos uaillmhianaí maidir leis an ábhar sin chun cosaint leordhóthanach a áirithiú do thomhaltóirí, leanfaimid den sprioc thábhachtach sin a shaothrú faoi chuimsiú reachtaíocht ábhartha eile lena n-áirítear an chaibidlíocht thríthaobhach i ndáil leis an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí.